# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

**Eagrán Speisialta ***

**15 Samhain 2021**

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1983 ón gComhairle an 15 Samhain 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria** ... 1


CINNTÍ


★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/1984 ón gComhairle an 15 Samhain 2021 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria** ... 5


GA

* Faoin tagairt L 402I a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1983 ÓN gCOMHAIRLE

**an 15 Samhain 2021**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, De bharr an mhéid seo a leanas:

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide sa tSiria, agus i bhfiainise na n-athruithe i Rialtas na Siria le déanaí, ba cheart ceathrar a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012. Chomh maith leis sin, ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le cúigear a liostaítear cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Samhain 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leanas:

(1) Cuirtear na daoine seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A ("Daoine"):

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "312. | Amr SALEM<br>(عمرو سالم) | Dáta Breithe: Eanáir 1958;<br>Áit bhreithe: Damascus, Syria;<br>Inscne: fireann | An tAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta | 15.11.2021 |
| 313. | Boutros AL-HALLAQ<br>(بطرس الحلاق) | Áit bhreithe: Damascus countryside, Syria;<br>Inscne: fireann | An tAire faisnéise. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.. | 15.11.2021 |
| 314. | Mohammad SEIFEDDINE<br>(ar a dtugtar freisin Seif Eddin, Seif El Din)<br>(محمد سيف الدين) | Inscne: fireann | An tAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 15.11.2021 |
| 315. | Diala BARAKAT<br>(ديالا بركات) | Dáta Breithe: 1980;<br>Inscne: baineann | Aire Stáit. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 15.11.2021" |

(2) I Roinn A (Daoine), in ionad na n-iontrálacha seo a leanas cuirtear an méid seo a leanas:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "167. | Dr. Jassem Mohammad ZAKARIA<br>(ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed, Jasem) | Dáta Breithe: 1968<br>Inscne: fireann; | IarAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta.<br>Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 16.10.2012 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 229. | Abdullah ABDULLAH<br>(عبدالله عبدالله) | Dáta Breithe: 1956;<br>Inscne: fireann | Aire Stáit. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 14.11.2016 |
| 259. | Imad Abdullah SARA<br>(عماد عبدالله صارة) | Dáta Breithe: 1968;<br>Áit bhreithe: Damascus, Syria;<br>Inscne: fireann | IarAire Faisnéise. I mí Eanáir 2018 a ceapadh.<br>Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 26.2.2018 |
| 296. | Talal AL-BARAZI (ar a dtugtar freisin Barazi)<br>(طلال البرازي) | Dáta Breithe: 1963;<br>Áit bhreithe: Hama city, Syria;<br>Inscne: fireann | IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí.<br>Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 16.10.2020 |
| 309. | Malloul (a.k.a. Maloul) HUSSEIN (ar a dtugtar freisin AL-HUSSEIN) (ملول حسين) | Dáta Breithe: 1950;<br>Áit bhreithe: Al-Hasakah Governorate, Syria;<br>Inscne: fireann | IarAire Stáit.<br>Ina cháil mar Iar-Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 6.11.2020” |

# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2021/1984 ÓN gCOMHAIRLE

**an 15 Samhain 2021**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide sa tSiria, agus i bhfianaise na n-athruithe i Rialtas na Siria le déanaí, ba cheart ceathrar a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES. Chomh maith leis sin, ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le cúigear a liostaítear cheana in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Samhain 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A (Daoine):

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "312. | Amr SALEM<br>(عمرو سالم) | Dáta Breithe: Eanáir 1958;<br>Áit bhreithe: Damascus, Syria;<br>Inscne: fireann | An tAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta | 15.11.2021 |
| 313. | Boutros AL-HALLAQ<br>(بطرس الحلاق) | Áit bhreithe: Damascus countryside, Syria;<br>Inscne: fireann | An tAire faisnéise. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.. | 15.11.2021 |
| 314. | Mohammad SEIFEDDINE<br>(ar a dtugtar freisin Seif Eddin, Seif El Din)<br>(محمد سيف الدين) | Inscne: fireann | An tAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 15.11.2021 |
| 315. | Diala BARAKAT<br>(ديالا بركات) | Dáta Breithe: 1980;<br>Inscne: baineann | Aire Stáit. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh.<br>Ina cáil mar Aire Rialtais, tá freagracht uirthi as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 15.11.2021" |

(2) i Roinn A ("Daoine"), in ionad na n-iontrálacha seo a leanas cuirtear an méid seo a leanas:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "167. | Dr. Jassem Mohammad ZAKARIA<br>(ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed, Jasem) | Dáta Breithe: 1968<br>Inscne: fireann; | IarAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta.<br>Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 16.10.2012 |
| 229. | Abdullah ABDULLAH<br>(عبدالله عبدالله) | Dáta Breithe: 1956;<br>Inscne: fireann | Aire Stáit. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 14.11.2016 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 259. | Imad Abdullah SARA<br>(عماد عبدالله صارة) | Dáta Breithe: 1968;<br>Áit bhreithe: Damascus, Syria;<br>Inscne: fireann | IarAire Faisnéise. I mí Eanáir 2018 a ceapadh.<br>Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 26.2.2018 |
| 296. | Talal AL-BARAZI (ar a dtugtar freisin Barazi)<br>(طلال البرازي) | Dáta Breithe: 1963;<br>Áit bhreithe: Hama city, Syria;<br>Inscne: fireann | IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí.<br>Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 16.10.2020 |
| 309. | Malloul (ar a dtugtar freisin Maloul) HUSSEIN (ar a dtugtar freisin AL-HUSSEIN)<br>(ملول حسين) | Dáta Breithe: 1950;<br>Áit bhreithe: Al-Hasakah Governorate, Syria;<br>Inscne: fireann | IarAire Stáit.<br>Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 6.11.2020” |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA